

# Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2026

■ **Doiciméad Treorach maidir le hlarratais**



Mínítear sa doiciméad seo na saghsanna tionscadal a cháilítear do mhaoiniú, conas iarratas a dhéanamh ar an deontas agus cuirtear samplaí agus leideanna áisiúla ar fáil chun cabhrú leat leis an bpróiseas.

## ■ Clár Ábhar

	LEATHANACH
Cad dó a bhfuil an deontas seo?	1
Cé ar féidir leis cur isteach air?	1
Cé nach féidir leo cur isteach air?	1
Conas agus cathain iarratas a dhéanamh	2
Cé mhéad is féidir leat a fháil?	2
Cén saghsanna tionscadal a nglactar sa scéim leo?	3
Treoir maidir le buiséad	8
Conas a mheasúnaítear d'iarratas	10
Dea-Chleachtas san Oidhreacht	12
Do dhoiciméid tacaíochta a sholáthar	13
Cén tionscadail NACH nglactar leo sa scéim deontais seo?	17
Leideanna d'iarratasóirí	18
Stocaireacht	19
An dteastaíonn cabhair uait?	19

Tá an scéim seo faoi réir fáil a bheith ag an gComhairle Oidhreachta ar mhaoiniú in 2026.

## ■ Cad dó a bhfuil an deontas seo?

Cabhraíonn **an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2026** leis an oidhreacht atá tábhachtach do do phobal a chosaint, a roinnt, agus a cheiliúradh. Tacaíonn sé le tionscadail trí ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) a fheabhsaíonn teacht ar an oidhreacht agus a chuireann dea-chleachtas oidhreachta chun cinn — cibé acu má tá aire á tabhairt agat d'áiteanna, bailiúcháin, gnáthóga, speicis, séadchomharthaí, nó oidhreacht dholáimhsithe.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do réimse fairsing tionscadal oidhreachta. Ina measc seo, tá:

- Pleananna bainistíochta caomhantais, suirbhéanna agus tuarascálacha
- Oibreacha caomhnaithe do shuíomhanna bithéagsúlachta, áiteanna, bailiúcháin, nó earraí – foirgnimh san áireamh
- Ceardlanna agus imeachtaí oiliúna a chuireann le scileanna oidhreachta
- Bainistíocht bailiúchán agus tionscadail bhithéagsúlachta
- Acmhainní digiteacha a chabhraíonn le hoidhreacht níos inrochtana
- Saintrealamh a cheannach do chaomhnú

Anuas ar na gníomhaíochtaí seo, **caithfear imeacht i bpearsan a chur ar siúl i rith na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta**. Tugtar deis duit san imeacht seo d'obair a roinnt leis an bpobal agus a thabhairt chun solais an fáth go bhfuil do thionscadal tábhachtach. Ba cheart go mbeadh d'imeacht inrochtana, fáilteach, agus nasctha go díreach leis an obair atá á déanamh agat faoin deontas..

## ■ Cé ar féidir leis cur isteach air?

Tá an Scéim ar oscailt d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha, cosúil le:

- ✓ Grúpaí nó cumainn phobail nó dheonacha
- ✓ Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGOanna)

Caithfear do ghrúpa a bhunú ar mhaithe leis an bpobal, seachas le gnóthachan tráchtála. Beidh ort cuntas gníomhach bainc nó comhair creidmheasa a bheith agat chun iarratas a dhéanamh in ainm an ghrúpa a bhfuil an t-iarratas á sheoladh acu.

## ■ Cé nach féidir leo cur isteach air?

Níl an scéim ar oscailt dóibh seo a leanas:

- ✗ Daoine aonair
- ✗ Gnólachtaí agus fiontair thráchtála
- ✗ Comhlachtaí poiblí (cosúil le ranna rialtais, údaráis áitiúla, agus gníomhaireachtaí stáit)

## ■ Conas agus cathain iarratas a dhéanamh

Beidh ort d'iarratas a sheoladh — anuas ar [na doiciméid tacaíochta](#) go léir a theastaíonn — trí [chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta](#). Cinntigh go dtabharfaidh tú dóthain ama duit féin chun d'ábhair a ullmhú agus gach rud a uaslódáil roimh an spriocdháta.

**Tabhair faoi deara:** iarratais ar líne amháin – ní féidir linn glacadh le haighneachtaí sa phost nó ar ríomhphost.

- **Spriocdháta: 08:00 PM an 20 Márta 2026:** Ar mhaithe le rudaí a bheith cothrom do gach duine, ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná le doiciméid a sheoltar i ndiaidh an ama seo.
- **Fógra:** Déanfaimid teagmháil leat i scríbhinn tríd an gcóras deontas ar líne go luath i mBealtaine 2026 le thú a chur ar an eolas ar an toradh.
- **Iarratas amháin in aghaidh na heagraíochta:** Ní féidir le gach eagraíocht ach iarratas amháin a sheoladh don scéim seo.
- **Deontas amháin in aghaidh na heagraíochta in 2026:** Má éiríonn le d'iarratas, ní féidir le d'eagraíocht maoiniú a fháil faoi aon scéim deontais eile na Comhairle Oidhreachta in 2026.
- Má éiríonn le d'iarratas, **caithfear do thionscadal a thosú tar éis an dáta tairisceana go luath i mBealtaine 2026 agus a chríochnú faoin 13 Samhain 2026.** Cinntigh gur féidir do ghníomhaíochtaí pleanáilte a chríochnú laistigh den amfhráma seo nuair atá d'iarratas á ullmhú agat.

## ■ Cé mhéad is féidir leat a fháil?

- Íosmhéid: €800
- Uasmhéid: €25,000
- Idir €10,000 agus €25,000 iad formhór na ndeontas

**Má chosnaíonn do thionscadal €25,000 nó níos lú, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar a mhéad le 100% maoiniú.**

**Má chosnaíonn do thionscadal breis agus €25,000, beidh ort a thaispeáint conas a bheartaíonn tú íoc as an easnamh** trí mhaoiniú breise, tiomsú airgid, nó acmhainní eile deimhnithe. Cabhraíonn sin a chinntiú gur féidir do thionscadal a sholáthar go hiomlán laistigh d'amlíne an deontais.

Is féidir go leor foirmeacha a bheith i gceist le do thionscadal, chomh fada agus go gcosnaíonn, go roinneann, nó go gceiliúran sé an oidhreacht ar bhealaí bríocha agus ionchuimsitheacha.

## ■ Cén saghsanna tionscadal a nglactar sa scéim leo?

### 1. Ceardlanna nó oiliúint theagmhálach rannpháirteach

Nuair atá ceardlanna nó imeachtaí oiliúna á dtairiscint, cinntigh **go soláthraíonn cleachtóirí oidhreachta a bhfuil na scileanna agus an taithí oiriúnach acu iad**. Cinntíonn sin go bhfoghlaímíonn rannpháirtithe teicnící sábháilte, cruinne, agus fóra a thacaíonn le dea-chleachtas caomhnaithe.

Ba cheart do Cheardlanna nó Oiliúint:

- A bheith **teagmhálach, idirghníomhach, agus ó thaithí**, agus an deis a thabhairt do dhaoine scileanna a chleachtadh go gníomhach, seachas díreach breathnú orthu.
- Díriú ar **fhoghlaim bhríoch atá bunaithe ar chleachtas** a chuireann le rannpháirtíocht an phobail san oidhreacht agus a thacaíonn le scileanna traidisiúnta nó sainscileanna a thabhairt do dhaoine eile.
- A bheith **á chur ar fáil saor in aisce nó ar chostas íosta** nach n-íocann as ábhair bhunriachtanacha, chun go mbíonn an ghníomhaíocht **inrochtana agus ionchuimsitheach** do gach duine sa phobal.

Cabhraíonn tú le scileanna áitiúla, muinín agus maoirseacht fhadtéarmach ar an oidhreacht a fhorbairt trí chleachtóirí cáilithe a bheith bainteach agus foghlaim phraiticiúil a chur ar fáil ar bhealach ionchuimsitheach.

Is féidir a áireamh leis sin:

- Oiliúint scileanna tógála traidisiúnta (díonadóireacht, tuíodóireacht, saoirseacht, moirtéal aoil, ballarach cloiche tirime, siúinéireacht, obair iarainn).
- Oiliúint a chur ar oibrithe deonacha pobail reiligi a chur i dtaifead go cuimsitheach agus go cruinn. Agus, a luaithe a bailíodh an t-eolas, é a chur ar fáil ar líne trí ardáin óstála, cosúil le [Líonra Cartlainne Pobail na hÉireann \(ICAN\)](#) nó [HistoricGraves.ie](#) chun gur féidir leis an bpobal i gcoitinne teacht air agus tairbhe a bhaint as.
- Ceardlanna bithéagsúlachta: plandaí a chur a thacaíonn le pailneoirí agus fás plandaí dúchasacha a éascú (gan meascáin síolta bláthanna fiáine a úsáid), bainistíocht gnáthóg, nó caomhnú speiceas.
- Oiliúint ar bhainistíocht bailiúchán nó stair bhéil chun go mbraitheann daoine muiníneach agus ullamh chun oidhreacht do phobail a chaomhnú
- Ceardlanna teagmhálacha i gceardaíocht thraidisiúnta, cosúil le caoladóireacht nó gaibhneacht dhubh.
- Scileanna idirghlúine a mhalartú, cleachtóirí níos sine ceardaíochta a phéireáil le foghlaimeoirí níos óige chun traidisiúin áitiúla a bhfuil deireadh ag teacht leo a thabhairt don chéad ghlúin eile.

### 2. Tuarascálacha Oidhreachta a Ullmhú

Nuair atá do thionscadal oidhreachta á ullmhú, b'fhéidir gur gá duit saghsanna éagsúla suirbhéanna, tuarascálacha, nó iniúchtaí a choimisiúnú chun cabhrú leat bail, tábhacht agus riachtanais

foirgneamh, suíomhanna, bhailiúchán, nó earraí oidhreachta a thuiscint. Cabhróidh sin lena chinntiú go mbíonn aon obair dheisithe, athchóirithe, nó chaomhnaithe feasach, oiriúnach, agus ar aon dul le dea-chleachtas.

Ba cheart go gcuirfí measúnú san áireamh freisin i ngach tuarascáil ar thionchair fhéideartha ar an mbithéagsúlacht agus an aeráid, agus ba cheart bearta praiticiúla a leagan amach iontu chun torthaí dearfacha a chinntiú.

Nuair atá an obair seo á coimisiúnú, ba cheart duit **saineolaithe oiriúnacha a fhostú**, cosúil le hailtír caomhantais, éiceolaithe, seandálaithe, nó caomhnóirí cáilithe, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas a bhailítear cruinn, iontaofa, agus fíoráisiúil.

### **Samplaí de na rudaí is féidir a dhéanamh:**

#### ● **Plean Bainistíochta Caomhantais (ar aon dul le Cairt Burra) a fhorbairt**

Ba cheart Pleananna Bainistíochta Caomhantais (CMPanna) don oidhrecht thógtha nó seandálaíochta a ullmhú ar aon dul le **Cairt Burra**, treoir phraiticiúil a chabhraíonn le pobail na rudaí a dhéanann áit speisialta d'áit agus conas é a chosaint le meas. Chun CMP a fhorbairt, ba cheart duit foireann oidhreachta cháilithe a fhostú — agus, ag brath ar do shuíomh, speisialtóirí breise, cosúil le seandálaithe, éiceolaithe, ailtírí, nó innealtóirí — lena chinntiú go bhfuil do phlean cuimsitheach agus daingean.

Ba cheart na rudaí seo a leanas a bheith i do CMP:

- **Ráiteas tábhachta – ina ndéantar cur síos soiléir ar an bhfáth go bhfuil d'áit tábhachtach.**
  - **Cur síos ar an áit – a stair, gnéithe agus suíomh.**
  - **Measúnú ar bhail agus sláine.**
  - **Athbhreithniú ar chosaintí agus rialuithe pleanála reatha.**
  - **Aithint rioscaí nó srianta.**
  - **Beartais chaomhnaithe agus bhainistíochta – conas ba cheart aire a thabhairt don áit.**
  - **Gníomhartha agus tosaíochtaí a mholtar.**
  - **Plean le haghaidh monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach.**
- #### ● **Tuarascálacha ar bhail nó ráitis mhodha a choimisiúnú**

Má tá obair fhisiciúil ar fhoirgneamh, séadchomhartha nó earra oidhreachta á pleanáil agat, cabhróidh suirbhé ar bhail nó ráiteas modha leat an bhail atá air faoi láthair a thuiscint agus tabharfar eolas duit ann ar an mbealach is oiriúnaí chun tabhairt faoi aon obair. Tá sé bunriachtanach an gairmí ceart a fhostú – cosúil le hailtíre caomhantais nó innealtóir, nó caomhnóir creidiúnaithe – chun comhairle iontaofa ar dhea-chleachtas a fháil.

#### ● **Suirbhéireacht ar ghnáthoga nó speicis**

Má tá gnéithe nádúrtha nó bithéagsúlachta i do thionscadal, is féidir leat suirbhéireachtaí ar ghnáthoga nó speicis a dhéanamh leis an éiceolaíocht áitiúil a thuiscint. D'fhéadfadh plandaí, ainmhithe nó feithidí a aithint nó gnáthoga tábhachtacha a léarscáiliú a bheith i gceist leis seo. Le torthaí ardchaighdeán a chinntiú, ba cheart duit éiceolaí nó speisialtóir cáilithe bithéagsúlachta

a fhostú. Ba cheart duit freisin na huirlisí agus an treoír shármhaith atá ag an **Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (NBDC)** a úsáid agus do thorthaí a sheoladh ar aghaidh trína n-ardáin taifeadta náisiúnta.

- **Plean Cúraim agus Caomhnaithe Bailiúchán a Choimisiúnú**

Is féidir leat Plean Cúraim agus Caomhnaithe Bailiúchán a choimisiúnú chun cabhrú leat bail agus riachtanais do bhailiúcháin a thuiscint. Déanfar measúnú ar rioscaí, aithneofar rudaí leochaileacha, athbhreithneofar dálaí stórála agus timpeallachta, agus molfar feabhsúcháin phraiticiúla i bplean maith. Ba cheart do ghairmithe a bhain na cáilíochtaí oiriúnacha amach ar féidir leo sainchomhairle a thabhairt maidir le cúram, láimhseáil, stóráil, taispeáint, agus bainistíocht comhshaoil tabhairt faoin saghas seo tionscadail. Ba cheart go dtabharfaí céimeanna soiléire inghníomhaithe duit sa phlean deiridh chun do bhailiúchán a chosaint agus tacú le maoirseacht fhadtéarmach.

### **3. Obair Chaomhnaithe a Dhéanamh**

Tacaíonn an deontas le hobair chaomhnaithe phraiticiúil a chabhraíonn leis an oidhreacht áitiúil a chosaint, a dheisiú, nó a fheabhsú – bíodh sé ina hoidhreacht nádúrtha, thógtha, seandálaíochta, nó mar chuid de bhailiúchán. Caithfear na ceadanna bunriachtanacha a bheith i bhfeidhm do na hoibreacha go léir sula dtosófar, agus ba cheart dóibh cloí leis an dea-chleachtas aitheanta. Ba cheart duit **saineolas oiriúnach** a fháil freisin (cosúil le hailtirí caomhantais, éiceolaithe, seandálaithe, innealtóirí, nó caomhnóirí oilte) lena chinntiú go dtugtar faoin obair go sábháilte agus ar ardchaighdeán.

Maidir le haon oibreacha tógála nó seandálaíochta, **caithfidh go ndéanfaidh gairmí neamhspleách caomhnaithe maoirseacht ar an obair** — cosúil le hailtire caomhantais nó seandálaí – a oibríonn neamhspleách ón gconraitheoir a dhéanfaidh na hoibreacha. Cabhraíonn an riachtanas sin lena chinntiú go bhfuil an obair faoi stiúir caomhnú agus go gcosnaíonn sé carachtar speisialta na sócmhainne oidhreachta. Ina theannta sin, baineann sé aon choimhlint leasa agus meastar gur dea-chleachtas é.

**Samplaí de na rudaí is féidir leat a dhéanamh:**

- **Caomhnú gnáthóg nó speiceas a fheabhsú**

Is féidir bearta praiticiúla a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú, mar shampla, trí ghnáthóga a fheabhsú, éiceachórais a athchóiriú, nó tacú le speicis a dteastaíonn aird chaomhnaithe uathu. Cabhróidh obair le héiceolaí a chinntiú go bhfuil na bearta a roghnaíonn tú éifeachtach agus oiriúnach do do shuíomh.

- **Deisiúcháin bheaga a dhéanamh ar fhoirgnimh faoi úinéireacht phoiblí**

Is féidir deisiúcháin ar scála beag a dhéanamh ar fhoirgnimh oidhreachta faoi úinéireacht phoiblí chun meath breise a chosc. Ba cheart dóibh siúd a bheith faoi stiúir caomhnú, agus ba cheart ábhair agus gairmithe cáilithe a úsáid dóibh a thuigeann modhanna tógála traidisiúnta.

- **Struchtúir stairiúla nó fothraigh a chobhsú**

Is féidir leat oibreacha cobhsaithe a dhéanamh chun cailteanas a chosc nó cosc a chur ar struchtúr stairiúil nó fothraigh titim dá chéile. Ba cheart na struchtúir sin a bheith ar oidhreacht faoi úinéireacht phoiblí nó ar thalamh phríobháideach chomh fada agus atá cead scríofa agat ón úinéir talún agus go bhfuil rochtain phoiblí ar an suíomh. Ba cheart do ghairmí caomhantais an cur chuige a threorú lena chinntiú go gcobhsaítear an struchtúr gan díobháil a dhéanamh dá charachtar.

- **Earraí nó bailiúcháin a chaomhnú**

Is féidir leat tabhairt faoi chóireálacha caomhnaithe ar earraí nó bailiúcháin oidhreachta chun a mbail a fheabhsú agus a chinntiú go dtabharfar aire fhadtéarmach dóibh. Caithfidh caomhnóir oilte creidiúnaithe an obair seo a dhéanamh ar féidir leo doiciméadú agus comhairle oiriúnach a thabhairt.

- **Feabhsúcháin inrochtaineachta a dhéanamh ar fhoirgnimh oidhreachta**

Is féidir leat feabhsúcháin ar scála beag a dhéanamh cosúil le rampaí nó lámhráillí a chur isteach – chun cabhrú le níos mó daoine teacht ar agus taitneamh a bhaint as foirgnimh oidhreachta. Ba cheart go mbeadh na hoibreacha sin treoraithe ag ailtire caomhantais agus deartha agus pleanáilte go cúramach chun nach mbaineann siad de charachtar speisialta an fhoirgnimh.

#### **4. Acmhainní Oidhreachta Digiteacha a Chruthú**

Is féidir beocht a chur san oidhrecht ar líne chun cabhrú le níos mó daoine ceangal léi – go háitiúil, go náisiúnta, agus fiú go hidirnáisiúnta. Tacaíonn an deontas seo le hacmhainní digiteacha a chruthú **atá ar fáil go poiblí, oscailte, agus éasca ar gach duine teacht orthu**. Nuair a bhíonn tionscadal digiteach á phleanáil agat, cinntigh go leanann an obair caighdeáin aitheanta don oidhrecht dhigiteach, inrochtaineacht, agus caomhnú fadtéarmach, agus go bhfuil do shuíomh gréasáin nó ardán éasca le húsáid, ionchuimsitheach, agus simplí le do bhealach a dhéanamh thart air.

Ba cheart an saineolas ceart a thabhairt isteach i rith an tionscadail lena chinntiú go bhfuil an t-aschur digiteach ar ardchaighdeán agus gur cruthaíodh é go mairfidh sé. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cartlannaithe digiteacha, speisialtóirí doiciméadúcháin músaeim, staraíthe béil, saineolaithe inrochtaineachta, caomhnóirí, nó scannánóirí – ag brath ar cad atá tú ag súil le cruthú. Is í an sprioc cabhrú leat rud éigin bríoch, inbhuanaithe agus áisiúil a chruthú do do phobal anois agus amach anseo.

#### **Samplaí de na rudaí is féidir leat a dhéanamh:**

- **Do Bhailiúchán Oidhreachta a Chatalógú agus a Dhigitiú**

Is féidir leat **iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le gairmí creidiúnaithe oidhreachta a fhostú** chun catalóg nó bunachar sonraí ar líne a fhorbairt chun gur féidir d'earraí a rochtain, a thuiscint agus a roinnt níos fairsinge. Trí obair le saineolaí cáilithe, is féidir leat a chinntiú go mbeidh catalóg iomlán ar fáil de bharr do thionscadail a chomhlíonann caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta (nó a gcomhionainn), ISAD(G), ISAAR, SPECTRUM, agus MSPI san áireamh. Cabhraíonn sé leat na creataí sin a úsáid taifid chomhsheasmhacha, iontaofa, agus atá dea-struchtúrach a chruthú a mhairfidh an aimsir.

I gcás tionscadail digitithe, beidh ort a thaispeáint gur thosaigh tú an catalógú cheana féin trí nasc a oibríonn le do chatalóg ar líne nó scarbhileog Excel de do thaifid a roinnt. Murar thosaigh tú go fóill, ba cheart duit réamhchatalógú digitithe a chur san áireamh i do phlean tionscadail. Ba cheart do do chatalóg cloí le caighdeán idirnáisiúnta aitheanta, cosúil le ISAD(G), ISAAR, SPECTRUM, nó MSPI, agus áirítear leo an costas ar ghairmí creidiúnaithe oidhreachta a fhostú chun cabhrú leat.

Ba cheart duit a mhíniú i d'iarratas freisin conas a thabharfaidh tú aire do do bhunábhair i rith digitiú, conas a thabharfaidh tú aire dóibh ina dhiaidh agus conas a bheartaíonn tú na híomhánna digitithe a roinnt ar líne – cibé acu tríd an ardán reatha, córas nua, nó soláthraí óstála seachtrach. Chun teacht ar threoracha iomlána ar thionscadal digitithe a phleanáil, féach [\*\*An Treoir maidir le Pleanáil Digitithe\*\*](#).

- **Eispéiris oidhreachta fhíorúla, taispeántais ar líne, nó tionscadail scéalaíochta digití**

Is féidir leat eispéiris a fhorbairt a ligeann do dhaoine an oidhreacht a fhiosrú ar bhealaí cruthaitheacha agus idirghníomhacha, cosúil le:

- Turas fíorúil 360° ar fhoirgneamh oidhreachta ina gcuireann staraithe áitiúla tráchttaireacht fuaimne ar fáil
- Tacú le daoine óga físeáin ghearra a chruthú do na meáin shóisialta, ina bhfiosraíonn siad suíomhanna oidhreachta áitiúla, ina n-insíonn siad scéalta, nó ina gcuireann siad cónaitheoirí aosta faoi agallamh. Is féidir le scannánóir nó meantóir meán digiteach a thabhairt isteach cabhrú le taifeadadh eiticiúil, eagarthóireacht ardchaighdeain, agus foilsiú sábháilte ar líne a threorú.

- **Uasghráduithe ar shuíomh gréasáin nó suíomhanna gréasáin oidhreachta nua**

Is féidir leat do shuíomh gréasáin reatha a uasghrádú nó ceann nua a chruthú chun scéalta, léarscáileanna, bailiúcháin, agus cuimhní pobail a roinnt. Ba cheart go gcloífeadh suíomhanna gréasáin le caighdeáin maidir le hinrochtaineacht gréasáin (WCAG 2.1 AA nó níos airde) Ba cheart duit:

- Forbróir taithíoch gréasáin a fhostú chun tabhairt faoi dhearadh inrochtana agus atá éasca le húsáid
- A chinntiú go bhfuil an suíomh oscailte, éasca le bealach a dhéanamh thart air, agus saor in aisce le teacht air

## **5. Trealamh Speisialta a Cheannach**

Is féidir leis an deontas seo cabhrú leat saintrealamh a cheannach a thacaíonn le cúram, léirmhíniú nó monatóireacht na hoidhreachta. Ba cheart go mbeadh na hearraí seo oiriúnach dá gcuspóir beartaithe, ar chaighdeán oiriúnach gairmiúil agus á n-úsáid ar bhealaí a théann chun tairbhe oidhreachta do phobail san fhadtárma. Nuair a bhíonn trealamh á roghnú, ba cheart duit comhairle a lorg ó shaineolaithe oiriúnacha – cosúil le caomhnóir, gairmithe músaem, éiceolaithe, nó speisialtóirí inrochtaineachta – lena chinntiú go bhfuil uirlisí á roghnú agat a shásaíonn caighdeáin aitheanta agus a oireann do riachtanais do thionscadail.

### **Samplaí de threalamh incháilithe:**

- **Cásanna taispeána ar ghrád músaem**

Cásanna slána ar chaighdeán caomhnaithe a chabhraíonn le hearraí oidhreachta a chosaint agus a thaispeáint go sábháilte.

- **Ábhair stórála cartlainne**

Boscaí saor ó aigéad, fillteáin, clúdaigh nó ábhair eile ar chaighdeán cartlainne a chosnaíonn doiciméid, grianghraif, nó earraí beaga.

- **Trealamh chun monatóireacht a dhéanamh ar sholas, bogthaise, agus teocht**

Monatóirí timpeallachta, logálaithe sonraí nó braiteoirí a chabhraíonn leat na dálaí a thuiscint agus a rialú a dhéanann difear do d'fhoirgneamh nó bailiúcháin.

- **Trealamh léirmhínithe agus ilmheán a fheabhsaíonn inrochtaineacht**

Scáileáin speisialta, stáisiúin éisteachta nó uirlisí idirghníomhacha a chabhraíonn le níos mó daoine teacht ar scéalta agus eolas oidhreachta.

- **Acmhainní ilchéadfacha agus painéil tadhlacha léirmhíithe**

Earraí cosúil le léarscáileanna tadhlacha, líníochtaí líne ardaithe nó acmhainní ilchéadfacha, cosúil le táblaí draíochta a thacaíonn le rannpháirtíocht ionchuimsitheach.

- **Bogearraí do bhailiúcháin ar líne**

Bogearraí bainistíochta bailiúcháin nó catalógaithe a chuireann ar do chumas do bhailiúcháin a dhoiciméadú, a bhainistiú agus a roinnt a chloíonn le caighdeán aitheanta oidhreachta digití.

- **Trealamh monatóireachta bithéagsúlachta**

Uirlisí éiceolaíochta speisialta – cosúil le ceamaraí fiadhúlra, logálaithe sonraí nó trealamh suirbhéireachta gnáthóige a thacaíonn le taifeadadh bithéagsúlachta agus obair chaomhnaithe.

### **Trealamh nach Maoinítear**

Ní féidir maoiniú a úsáid chun na rudaí a leanas a cheannach:

- **Trealamh bunúsach taifeadta allamuigh nó éiceolaíochta**

Earraí cosúil le brathadóirí ialtóige, déshúiligh, eangacha bailithe feithidí, gloiní formhádúcháin, treoracha speiceas nó uirlisí allamuigh ilchuspóireach.

**Nóta:** Chuaigh an Chomhairle Oidhreachta i gcomhpháirt le roinnt Seirbhísí Leabharlainne Contae chun boscaí Pacaí Eolaíocht an Chomhshaoil do Thaifeadadh Éiceolaíochta (ESKER) a chur ar fáil, a thacaíonn le tionscadail bhithéagsúlachta pobail. B'fhéidir go bhfreastalóidh iad sin ar do riachtanais cheana féin. Chun teacht ar eolas breise, féach na sonraí faoi [Chlár ESKER](#) a chuireann do Sheirbhís Leabharlainne Contae áitiúil ar fáil.

- **Trealamh oifige ginearálta**

Níl ríomhairí, ríomhairí glúine, táibléid, printéirí, monatóirí, gutháin ná crua-earraí oifige ar a mhacasamhail de chaighdeán incháilithe do mhaoiniú.

## **■ Treoir maidir le buiséad**

Seo thíos an liosta iomlán costas  **incháilithe** agus  **neamh-incháilithe**.

### **Costais Incháilithe**

Is féidir leat an méid seo a leanas a chur san áireamh sa bhuiséad do do thionscadal:

#### **Táillí gairmiúla**

Costais ar shaineolaithe a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu a fhostú chun sainchomhairle a thabhairt, maoirseacht a dhéanamh, nó a seirbhísí oidhreachta gairmiúla a sholáthar.

#### **Samplaí:**

- Déanann sainchomhairleoir caomhantais (Grád 3 Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann nó a chomhionann, ar a laghad) maoirseacht ar oibreacha tógála nó suímh
- Tugann ailtire caomhantais faoi Phlean Bainistíochta Caomhantais agus tugann éiceolaí agus seandálaí sainchomhairle

- Déanann cartlannaí cáilithe ábhair chartlainne a mheasúnú agus a chatalógú nó comhairle a thabhairt maidir leo
- Déanann éiceolaí suirbhéireacht ar an mbithéagsúlacht nó ar ghnáthóg
- Oiliúint ar stair bhéil á cur ar fáil ag speisialtóir aitheanta
- Ceardlanna scileanna oidhreachta á gcur ar siúl ag cleachtóir oidhreachta a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu

### ✓ **Costais chonraitheora**

Íocaíochtaí le conraitheoirí a dhéanann oibreacha caomhnaithe ar fhoirgnimh, earraí, nó suíomhanna.

### ✓ **Costais soláthraí tríú páirtí**

Costais a ghearrann soláthraithe seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí a thacaíonn le soláthar an tionscadail.

### **Samplaí:**

- Acmhainn ar líne á forbairt nó á feabhsú ag forbróir suíomhanna gréasáin gairmiúil
- Ionad a fháil ar cíós do ghníomhaíochtaí rannpháirtíocht an phobail a bhaineann leis an tionscadal
- Costais réasúnta ar shólaistí ag imeachtaí rannpháirtíocht an phobail a bhaineann leis an tionscadal

### ✓ **Foireann Thiomnaithe an Tionscadail ar Conradh**

Is féidir leat costais a chur san áireamh chun uaireanta baill foirne reatha pháirtaimseartha a mhéadú nó foireann nua a fhostú chun obair go sonrach ar an tionscadal maoinithe. Caithfidh aon dáileadh soláthair foirne den saghas sin baint go díreach le soláthar an tionscadail. Beidh ort litir dheimhnithe a sholáthar ó do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó Stiúrthóir chun tacú leis seo.

### ✓ **Taisteal agus cothú oibríthe deonacha**

- Taisteal: €0.4340 an ciliméadar
- Cothú: €19.25 sa lá d'oibríthe deonacha a oibríonn cúig huaire an chloig nó níos faide

### **Costais nach bhfuil incháilithe**

Ní féidir leis an deontas seo tacú leo seo a leanas:

✗ **Íocaíochtaí le baill de ghrúpa an iarratasóra:** Ní féidir baill a íoc as earraí nó seirbhísí a sholáthraíonn siad don tionscadal.

✗ **Íocaíocht le grúpa an iarratasóra féin:** Ní féidir maoiniú a úsáid chun an grúpa a íoc as an tionscadal a dhéanamh.

✗ **Obair dheonach:** Ní féidir am oibríthe deonacha a chostáil ná a éileamh.

✗ **Forchostais agus táillí riaracháin:** Níl costais ghinearálta reatha (cíós, fóntais, táillí riaracháin) incháilithe.

- X Tuarastail fostaithe reatha:** Ní féidir íoc as pá foirne reatha murach go méadaítear uaireanta an chloig go sonrach don tionscadal (féach Costais Incháilithe).
- X Taisteal idirnáisiúnta:** Níl taisteal lasmuigh den tír incháilithe.
- X Costais a íocadh roimh an dáta tairisceana:** Ní féidir ach costais a íocadh i **ndiaidh** go ndearnadh deontas a thairiscint go foirmiúil duit a éileamh.
- X** Earraí neamh-incháilithe eile, mar shampla: alcól agus earraí promóisin a cheannach

## ■ **Conas a mheasúnaítear d'iarratas**

Gabhann d'iarratas trí cheithre chéim.

### **1. Sciathadh**

Seiceálaimid:

- Go bhfuil do ghrúpa is incháilithe.
- Go bhfuil do thionscadal is incháilithe.
- Go bhfuil d'iarratas iomlán.
- Gur cuireadh na doiciméid riachtanacha go léir san áireamh.
- Gur ceanglaíodh aon cheadanna riachtanacha.

**!** Má tá aon rud ar iarraidh nó neamh-incháilithe, **ní féidir leanúint ar aghaidh le d'iarratas.**

### **2. Measúnú agus Scóráil Iomlán**

Próiseas iomaíoch é seo – baineann na hiarratais is láidre an scór is airde amach.

Scóráiltear tionscadail bunaithe ar cheithre chritéar (1-5 an ceann):

- Luach Oidhreachta
- Dea-chleachtas Oidhreachta + Aeráid agus Bithéagsúlacht
- Luach ar Airgead
- Leas an Phobail agus Ionchuimsiú

Go gcuirfead tionscadail ar an ngearrliosta, **caithfidh siad ar a laghad 3 as 5 a bhaint amach i ngach catagóir.**

### **3. Gearrliostú**

Rangaítear iarratais de réir a scóir agus cuirtear na tionscadail a bhain an scór is airde amach ar an ngearrliosta. Déanann painéal seachtrach athbhreithniú ansin ar thionscadail a cuireadh ar an ngearrliosta agus déanann siad moltaí do mhaoiniú.

### **4. Ceadú Deiridh**

Cuirtear moltaí an phainéil sheachtraigh faoi bhráid Bhord na Comhairle Oidhreachta lena gceadú. Eisítear gach cinneadh i scríbhinn d'iarratasóirí.

Conas a scóráiltear d'iarratas

Critéir	An méid is ciall leis	1 Íseal	2 Neamhleor	3 Dóthanach	4 Maith	5 Sármhaith
<b>Luach Oidhreachta</b>	Cé chomh soiléir a cheanglaíonn, a chosnaíonn nó a fheabhsaíonn do thionscadal an oidhreachta.	A laghad ceangal nó ceangal ar bith leis an oidhreachta; níor míníodh an tábhacht.	Tá an bhaint leis an oidhreachta doiléir nó níor tacaíodh leis ach chomh beag.	Ceangal soiléir leis an oidhreachta ach sonraí teoranta ar thábhacht nó tairbhí.	Míniú láidir ar thábhacht agus tairbhí soiléire don oidhreachta.	Soiléireacht shármhaith maidir le tábhacht, fianaise láidir nó ionchur saineolach agus tairbhí soiléire fadtéarmacha don oidhreachta.
<b>Dea-chleachtas Oidhreachta, Aeráide agus Bithéagsúlachta</b>	Caighdeán na modhanna oidhreachta agus an méid a chuireann an tionscadal le gníomhú ar son na haeráide agus/nó na bithéagsúlachta.	Droch-chleachtas nó tionchar féideartha diúltach.	Dea-chleachtas nó feasacht chomhshaoil á taispeáint go teoranta.	Cur chuige inghlactha ach easpa sonraí nó ionchur saineolach ann.	Modheolaíocht láidir ina bhfuil roinnt tairbhí soiléire aeráide nó bithéagsúlachta.	Cur chuige dea-chleachtas a bhfuil tairbhí soiléire intomhaiste aeráide agus/nó bithéagsúlachta aige.
<b>Luach ar Airgead</b>	Cé chomh héifeachtúil a úsáidtear acmhainní sa bhuiséad.	Buiséad doiléir nó drochluach ar airgead.	Is cosúil go bhfuil na costais ró-ard nó go bhfuil drochúdar leo.	Réasúnta, ach d'fhéadfadh an luach a bheith níos láidre.	Buiséad soiléir réalaíoch a bhfuil luach maith aige.	Luach den scoth, torthaí láidre agus tairbhí fadtéarmacha don phobal.
<b>Leas an Phobail, Ionchuimsiú agus Eolas a Roinnt</b>	A fheabhas atá pobal rannpháirteach i do thionscadal, a thacaíonn sé le rochtain ionchuimsitheach, a aithníonn sé tacaíocht na Comhairle Oidhreachta agus a roinneann sé foghlaim le daoine eile.	Gan ach beagán rannpháirtíocht an phobail nó rannpháirtíocht ar bith níor cuireadh inrochtaineacht, ionchuimsiú nó eolas a roinnt san áireamh go bríoch.	Bhí sé i gceist go pointe áirithe an pobal a thabhairt san áireamh, ach tá na pleananna doiléir nó teoranta. Luaitear ionchuimsiú agus inrochtaineacht ach níor forbraíodh iad. Cur chuige íosta nó cur chuige ar bith i leith foghlaim a roinnt.	Tairbhe shoiléir don phobal, agus roinnt gníomhaíochtaí rannpháirtíochta curtha san áireamh. Cuirtear inrochtaineacht agus ionchuimsiú san áireamh ach teastaíonn sonraí breise. Roinnt pleananna le haghaidh roinnte	Rannpháirtíocht an phobail mhaith dheardheartha. Aird mhaith ar inrochtaineacht agus ionchuimsiú. Cur chuige soiléir i leith eolas a roinnt agus tacaíocht na Comhairle Oidhreachta a aithint.	Sárthairbhe don phobal agus rannpháirtíocht réamhghníomhach bhríoch. Dearadh láidir ionchuimsitheach trí chéile agus roinntear foghlaim go fairsing.

## ■ Dea-Chleachtas san Oidhreacht



Ciallaíonn dea-chleachtas aire a thabhairt don oidhreacht **go freagrach, go hinbhuanaithe agus go hómósach**. Ba cheart do do thionscadal an méid atá ann cheana a chosaint, tacú le maoirseacht fhadtéarmach, agus fíorthairbhí a chruthú do do phobal.

### Beidh tionscadal láidir:

#### Treoraithe ag gairmithe atá go hiomlán cáilithe a chloíonn le prionsabail nó caighdeáin dea-chleachtais

Cabhraíonn daoine a thabhairt isteach a bhfuil na cáilíochtaí agus scileanna cearta acu a chinntiú go dtugtar aire don oidhreacht go sábháilte agus i leith caighdeáin aitheanta.

#### Smaoinigh ar riachtanais phleanála agus reachtaíochta go luath

Is tábhachtach a sheiceáil go luath an dteastaíonn cead pleanála nó aon cheadú reachtúil eile ó do thionscadal. Ní féidir le maoiniú deontais tacú ach le hobair a bhfuil na ceadanna cearta i bhfeidhm di, mar sin, teastóidh ceadú uait sula dtosaíonn tú.

Ba cheart duit na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- **Seiceáil le d'údarás áitiúil** — an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta nó an Rannóg Pleanála — mura bhfuil tú cinnte an dteastaíonn cead.
- Má cheapann tú gur **forbairt dhíolmhaithe** atá i d'oibreacha, cinntigh go bhfaigheann tú deimhniú scríofa. Ciallaíonn sin ceachtar díobh seo thíos a fháil:
  - Dearbhú Alt 5 nó
  - litir ón údarás áitiúil ina ndeimhnítear go bhfuil na hoibreacha díolmhaithe.
- Cuimhnigh go dteastaíonn Dearbhú Alt 12 ó oibreacha ar Shéadchomhartha Náisiúnta faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta. Caithfidh an dearbhú sin a bheith i bhfeidhm sula seolann tú d'iarratas.

Ní dócha go gcáileofar go leor suíomhanna oidhreachta — cosúil le Struchtúir faoi Chosaint, foirgnimh i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, foirgnimh atá liostaithe i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH), agus suíomhanna ainmnithe dúlra (SAC, SPA, NHA, pNHA) — mar fhorbairt dhíolmhaithe. Cabhraíonn sé le moilleanna a sheachaint trí sheiceáil go luath agus cinntíonn sé go bhfuil an tionscadal go hiomlán incháilithe.

#### Úsáid ábhair agus modhanna oiriúnacha

Cosnaíonn sé sin údaracht agus sláinte fhadtéarmach an tsuímh nó an réada oidhreachta.

#### Bíodh meas agat ar an mbuncharachtar agus ná déan athruithe nach féidir a aisiompú

Ba cheart go mbeadh aon obair nua íogair agus go ligfeadh sé do ghlúnta amach anseo roghanna éagsúla a dhéanamh, más gá.

#### Coimeád cuntas soiléir ar gach rud

Cabhraíonn taifid mhaithe le daoine eile tuiscint a fháil ar an méid a rinneadh, an fáth a raibh leis agus conas a rinneadh é.

#### Pleanáil d'aire fhadtéarmach

Smaoinigh níos faide ar aghaidh ná spríodcháta an tionscadail – conas a leanfar le haire a thabhairt don oidhreacht?

## Tacaigh le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta

Roghnaigh cuir chuige inbhuanaithe a chabhraíonn leis an dúlra agus an oidhreacht a chosaint.

## Cothaigh inrochtaineacht agus ionchuimsiú

Cinntigh go gcuireann do thionscadal rochtain bhríoch ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu.

## ■ Do doiciméid tacaíochta a sholáthar

Chun cabhrú linn do thionscadal a thuiscint agus d'iarratas a mheas i gceart, beidh ort doiciméid tacaíochta a uaslódáil. Is féidir leat an seicliosta thíos a úsáid lena dheimhniú go bhfuil gach rud in ord.

Mura gcuireann tú na doiciméid riachtanacha ar fail, d'fhéadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar d'iarratas nó é a dhéanamh neamh-incháilithe fiú. Cuimhnigh nach féidir doiciméid tacaíochta a sheoladh tar éis an spriocdháta, mar sin, cinntigh gach rud a chur san áireamh sula seolann tú d'iarratas.

**Doiciméid Éigeantacha do gach iarratas (Earraí 1-7).** Ní bhaineann Earraí 8-15 ach le saghsanna áirithe tionscadal, ag brath ar cad atá á phleanáil agat.

Uimh.	Saghas na Cáipéise	An Méid is Gá Duit a Uaslódáil	Uaslódáilte ✓
1	Luachana	Luachana/meastacháin fhoirmiúla do gach mír bhuiséid ina sonraítear an tseirbhís atá le soláthar. Is gá luachana ar ríomhphost a shábháil mar PDF leis na meiteashonraí iomlána (seoltóir, faighteoir, dáta, am).	<input type="checkbox"/>
2	Fianaise ar chleachtóir oidhreachta ag a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha	Litir ina ndeimhnítear go dtabharfaidh siad comhairle oidhreachta do do thionscadal.	<input type="checkbox"/>
3	Cáilíochtaí comhairleora	Achoimre ghearr ar cháilíochtaí an chomhairleora agus taithí tionscadail bhainteach.	<input type="checkbox"/>
4	Ceadanna, ceadúnais, faomhadh	Cóipeanna de gach cead (e.g., Dearbhú Alt 57, toiliú ó úinéir talún, toiliú ón Aire, ceadúnais, etc).	<input type="checkbox"/>
5	Litreacha tacaíochta	Ar a laghad dhá litir ó pháirtithe leasmhara seachtracha. Moltar go láidir litir a fháil ón Oifigeach Oidhreachta nó Bithéagsúlachta áitiúil. Caithfeadh na meiteashonraí iomlána a chur ar fáil i ríomhphost PDF. Tá sonraí breise in Aguisín 2.	<input type="checkbox"/>
6	Grianghraif	Grianghraif shoiléire cothrom le dáta den fhoirgneamh, áit, earra, nó bailiúchán a bhfuil tú ag obair leis.	<input type="checkbox"/>
7	Sonraí bainc	Ráiteas ceanntáisc bainc ar a dtaispeántar ainm agus uimhir chuntais d'eagraíochta.	<input type="checkbox"/>

Uimh.	Saghas an Tionscadail	An Méid is Gá Duit a Uaslódáil	Uaslódáilte ✓
8	Oibreacha Caomhnaithe	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Sonraí faoi oibreacha caomhnaithe (modhanna agus ábhair) ó shainchomhairleoir cáilithe, breithnithe aeráide/bithéagsúlachta san áireamh.</li> <li>• Deimhniú scríofa ar mhaoirseacht sainchomhairleora.</li> <li>• Léarscáil suímh (níl sé ag teastáil d'earra/bailiúcháin).</li> </ul>	<input type="checkbox"/>
9	Tuarascálacha / suirbhéanna / pleananna / iniúchtaí caomhantais	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ráiteas modha, breithnithe aeráide/bithéagsúlachta san áireamh a d'ullmhaigh cleachtóir caomhnaithe a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha acu.</li> <li>• Léarscáil suímh ar a dtaispeántar an limistéar faoi leith.</li> </ul>	<input type="checkbox"/>
10	Imeachtaí oiliúna / ceardlanna	<p><b>Ba cheart na sonraí seo a leanas a bheith i do thogra oiliúna:</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cé dó a bhfuil an oiliúint</li> <li>• Cé a chuirfidh an oiliúint ar siúl agus a gcáilíochtaí</li> <li>• Cén ghné den oidhreacht a thaispeánfar san oiliúint agus an fáth go dteastaíonn sé</li> <li>• Cad a bhfuil súil agat go bhfoghlaimeoidh rannpháirtithe</li> <li>• Líon beartaithe rannpháirtithe</li> <li>• Dátaí agus ionad/láthair ionchasach na hoiliúna, cibé acu an mbeidh an oiliúint saor in aisce le freastal uirthi, nó — má ghearrfar táille íosta ar rannpháirtithe — an méid a bheidh sa táille.</li> <li>• Cá roinnfear torthaí ar líne</li> </ul>	<input type="checkbox"/>
11	Acmhainní Oidhreachta Digiteacha	<p>Ba cheart an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa togra, a d'ullmhaigh gairmí TF nó oidhreachta digití a bhfuil na cáilíochtaí oiriúnacha bainte amach acu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>struchtúr d'acmhainne digití</b> – mar shampla, léarscáil suímh, cuntas ar an imlíne, plean ábhair, nó cur síos ar na príomhghnéithe nó ar aistear an úsáideora;</li> <li>• <b>dréacht-téacs, ábhair amhairc shamplacha, nó coincheapa dearaidh luatha</b> lena thaispeáint cén chuma a bheidh ar an ábhar digiteach</li> <li>• <b>do shocruithe óstála nó ardáin</b> – cosúil leis an áit a stórálfar, a dtaispeánfar, nó a dtiocfar ar an acmhainn (e.g., óstáil suímh gréasáin, ardán cartlainne digití, uirlis taispeántais ar líne);</li> <li>• <b>d'ainm fearainn nó pointe rochtana</b> (más bainteach), nó sonraí soiléire faoi conas a thiocfaidh úsáideoirí ar an acmhainn; agus</li> <li>• <b>do phleananna do chothabháil agus nuashonruithe fadtéarmacha</b>, cé a bheidh freagrach san áireamh as an ábhar digiteach a choimeád inrochtana, cruinn, agus as leanúint de thacaíocht a thabhairt dó le himeacht ama.</li> </ul>	<input type="checkbox"/>

Uimh.	Saghas an Tionscadail	An Méid is Gá Duit a Uaslódáil	Uaslódáilte ✓
12	Tionscadail digitithe	<p>Má tá iarratas á dhéanamh agat ar mhaoiniú do thionscadal digitithe, ba cheart do do thogra cloí leis an <a href="#">Seicliosta Digitithe</a> agus an t-eolas seo a leanas a bheith ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Nasc oibre le do chatalóg nó fardal.</b> Nasc beo a sholáthar le do chatalóg ar líne, bunachar sonraí, nó comhad Excel ina dtaispeántar go ndearnadh an t-ábhar a chatalógú.</li> <li>• <b>Conas a láimhseálfar agus a thabharfar aire don bhunábhar.</b> Cur síos a dhéanamh ar na rudaí a dhéanfaidh tú lena chinntiú go láimhseálfar an bunábhar agus go dtabharfar aire dó ó thaobh na timpeallachta i rith digitiú.</li> <li>• <b>An áit a mbeidh an pobal ábalta teacht ar an ábhar digitithe ar líne.</b></li> <li>• <b>Sonraí agus íomhánna samplacha den bhailiúchán.</b> Cuir cur síos san áireamh ar an ábhar a bheartaíonn tú a dhigitíú, anuas ar ghrianghraif shamplacha ina dtaispeántar an bhail atá air agus an méid atá ann.</li> </ul>	☐
13	Tionscadail Staire Béil	<p>Má tá iarratas á dhéanamh agat ar mhaoiniú do thionscadal staire béil, iarrtar ort an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>Do phlean maidir le hagallaimh a thaifeadadh, a dhoiciméadú agus a chartlannú.</b> Déan cur síos ar conas a dhéanfaidh tú agallaimh a thaifeadadh, a stóráil, agus a chatalógú i leith dea-chleachtas chaighdeán staire béil. Ba cheart a áireamh leis sin an trealamh a úsáidfidh tú, do chur chuige ainmnithe comhaid agus meiteashonraí, agus conas a chinnteoidh tú caomhnú agus rochtain fhadtéarmach.</li> <li>• <b>Tagairt do dhea-chleachtas aitheanta.</b> Taispeáin go bhfuil do thionscadal bunaithe ar threoir bhunaithe trí thagairt don Líonra Stair Bhéil na hÉireann na hÉireann (OHNI) nó dá mhacasamhail d'acmhainní creidiúnacha staire béil.</li> <li>• <b>Sonraí óstála agus rochtana.</b> Mínigh cén áit a gcuirfear na taifeadtaí ar fáil don phobal a luaithe a bheidh siad curtha i gcrích – mar shampla, suíomh gréasáin, ardán digiteach, nó taisclann phobail.</li> </ul>	☐

Uimh.	Saghas an Tionscadail	An Méid is Gá Duit a Uaslódáil	Uaslódáilte ✓
14	<b>Trealamh Speisialta a Cheannach</b>	<p>Má tá iarratas á dhéanamh agat ar mhaoiniú chun saintrealamh a cheannach, iarrtar ort an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh le d'iarratas:</p> <p><b>Mínigh an fáth go dteastaíonn an trealamh</b> Cuir réasúnaíocht shoiléir ar fáil maidir le:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• cén fáth go dteastaíonn an trealamh seo, • conas a thacódh sé le caomhnú, cúram, doiciméadú, nó rochtain phoiblí, agus</li> <li>• sonraí faoi na hearraí oidhreachta, bailiúcháin, suíomh, nó ábhair a dteastaíonn an trealamh dóibh. Cinntigh go nascann tú an trealamh go díreach leis an oidhreacht atá á cosaint nó á feabhsú agat.</li> </ul> <p><b>Cuir grianghraif shamplacha san áireamh</b> Uaslódáil grianghraif a chabhraíonn leat an gá a léiriú atá leis an trealamh. Mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• má tá iarratas á dhéanamh agat ar bhoscaí cartlainne, cuir íomhánna nó doiciméid san áireamh a dteastaíonn athlonnú uathu;</li> <li>• má tá iarratas á dhéanamh agat ar chás músaeim, cuir grianghraif san áireamh de na hearraí a stórálfar nó a thaispeánfar;</li> <li>• má tá an trealamh d'obair allamuigh nó chun bithéagsúlacht a thaifeadadh, cuir grianghraif san áireamh den suíomh nó limistéar. Cabhraíonn na híomhánna seo le measúnóirí an comhthéacs a thuiscint agus lena dheimhniú go bhfuil an trealamh oiriúnach do do thionscadal.</li> </ul>	□
15	<b>Foireann thiomnaithe an tionscadail</b>	<p>Más mian leat uaireanta páirtaimseartha nó conraithe baill foirne reatha a mhéadú chun obair ar an tionscadal, caithfidh tú litir a chur san áireamh ó do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó Stiúrthóir. Ba cheart go ndeimhneofaí sa litir seo ainm agus cáilíocht an bhaill foirne, sonraí faoin gconradh reatha agus sonraí faoin méadú a bheartaítear ar uaireanta don tionscadal maoinithe.</p>	□

## ■ Cén tionscadail NACH nglactar leo sa scéim deontais seo?

### ✗ Cláir agus comharthaí eolais de stíl thraidisiúnta

Ní mhaoinímid cláir ná comharthaí eolais de stíl thraidisiúnta. Ina ionad sin, spreagtar thú foirmeacha níos ionchuimsithí agus níos solúbtha de léirmhíniú a úsáid a chloíonn le prionsabail dearaidh uilíoch. Cabhraíonn sin le réimse níos fairsinge daoine a aimsiú — iad siúd ina measc a bhfuil difríochtaí amhairc, cognaíocha, nó céadfacha acu — trí roghanna cosúil le formáidí ilchéadfacha, idirghníomhacha, nó inoiriúnaithe.

### ✗ Ábhair chlóite, foilseacháin, bileoga, agus bróisiúir san áireamh

Ní ghlacaimid le hábhair for-rochtana chlóite. Chun tacú le hinbhuanaitheacht agus laghdú dramhaíola, spreagaimid thú smaoineamh ar roghanna digiteacha nó ísealdramhaíola, más féidir. Cabhraíonn sin leat do bhuiséad a dhíriú ar thorthaí caomhnaithe fhadtéarmaigh, saineolas, agus rannpháirtíocht bhríoch an phobail.

### ✗ Comhdhálacha agus seimineáir

Ní mhaoinímid comhdhálacha ná imeachtaí de stíl seimineáir. Má tá gníomhaíochtaí foghlama á bpleanáil agat, díriú ar aistriú scileanna teagmhálacha agus foghlaim idirghníomhach faoi stiúir cleachtóirí cáilithe. Ar an mbealach sin, foghlaimíonn rannpháirtithe scileanna praiticiúla oidhreachta go gníomhach, seachas díreach ag freastal ar chainteanna

### ✗ Freagrachtaí na hearnála poiblí

Ní mhaoinímid tionscadail ina soláthraítear aon chuid d'fhreagrachtaí reachtúla nó croífhreagrachtaí comhlachta earnála poiblí.

### ✗ Tionscadail tríú leibhéal

Ní sholáthraímid deontais do dhaoine atá in oideachas fochéime nó iarchéime d'obair atá mar chuid dá staidéar acadúil (PhD san áireamh).

### ✗ Seandálaíocht

Ní féidir linn tochailtí seandálaíochta ná anailís agus tuairisciú iarthochailte a mhaoiniú.

### ✗ Anailís DNA

Níl beartais forbartha go fóill ag an gComhairle Oidhreachta ar thástáil DNA agus an oidhrecht. Ní féidir linn, dá bharr, tionscadail atá bunaithe ar DNA a mhaoiniú faoi láthair.

### ✗ Suiteáin, cuimhneacháin nua, nó struchtúir nuachruthaithe

Ní sholáthraímid maoiniú chun cuimhneacháin nó suiteáin nua a chruthú – áirítear leis sin rudaí cosúil le plaiceanna, dealbha, saothair a dhear ealaíontóir, nó tógáil nua cosúil le macasamhlacha. Díritear an scéim seo ar aire a thabhairt don oidhrecht atá ann agus í a chaomhnú, seachas gnéithe nó struchtúir chomórtha nua a chruthú.

### ✗ Oibreacha tírdhreachaithe taitneamhachta

Ní sholáthraímid maoiniú do thírdhreachú ginearálta taitneamhachta nó d'fheabhsúcháin ar spásanna poiblí taobh amuigh. Tá an scéim seo ceaptha tacú le haire a thabhairt don oidhrecht reatha, seachas áiseanna a uasghrádú nó feabhsúcháin chathartha a dhéanamh.

I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- Tarmac a chur síos nó carrchlóis a thírdhreachú
- Binsí, soilsiú, boscaí bruscair, nó gnéithe eile taitneamhachta poiblí a chur isteach

## **X Tionscadail bhunscoile**

Níl tionscadail atá dírithe ar bhunscoileanna incháilithe faoin scéim seo. Tá tacaíocht do ghníomhaíochtaí bunscoile ar fáil tríd **an scéim Oidhreacht sna Scoileanna:** [www.heritageinschools.ie](http://www.heritageinschools.ie)

## **X Tionscadail shiarghabhálacha nó tionscadail lasmuigh d’amlíne an deontais (Bealtaine-Samhain)**

Ní féidir linn aon obair thionscadail a mhaoiniú a tosaíodh cheana nó a críochnaíodh sula dtugtar do thairiscint deontais fhoirmiúil duit. Le bheith incháilithe, caithfidh do thionscadal titim amach **laistigh de thréimhse sholáthair an deontais idir Bealtaine agus Samhain.**

## **X Áiteanna, bailiúcháin, nó réada faoi úinéireacht phríobháideach (foirgnimh san áireamh)**

Ní mhaoinimid tionscadail ina bhfuil áiteanna, bailiúcháin nó earraí faoi úinéireacht phríobháideach i gceist leo **murach go bhfuil teacht gan stró ag an bpobal orthu.** Mar gheall gur scéim deontais phoiblí é seo, caithfidh aon airgead poiblí a infheistítear dul chun tairbhe an phobail go soiléir agus go bríoch ar mó an tairbhe sin ná aon ghnóthachan príobháideach.

Má tá tú ag obair le sócmhainn oidhreachta faoi úinéireacht phríobháideach, beidh ort a chinntiú gur féidir leis an bpobal teacht uirthi, taitneamh a bhaint aisti nó foghlaim uathu ar bhealach fíor agus follasach – d’fhéadfadh sin a bheith trí uaireanta oscailte rialta, cuairteanna sceidealaithe, turais threoraithe nó foirmeacha eile de rannpháirtíocht bhríoch an phobail.

## **■ Leideanna d’iarratasóirí**

Seo roinnt leideanna chun cabhrú leat d’iarratas a neartú, pé saghas tionscadail atá ar intinn agat:

### **Tosaigh le haidhm shoiléir**

Mínigh an fáth go dteastaíonn an suirbhé, tuairisc, obair chaomhnaithe, imeacht, trealamh, nó acmhainn dhigiteach uait. Mínigh an fhadhb a réiteoidh sé agus conas a thacóidh sé le hobair chaomhnaithe, forbairt scileanna, nó rochtain an phobail.

### **Taispeáin gur smaoinigh tú chun cinn**

Déan cur síos ar conas a threoróidh na torthaí an chéad chéim eile de do thionscadail, cibé acu más oibreacha pleanála, scileanna tógála, feabhas a chur ar aire, nó rannpháirtíocht an phobail a leathnú atá i gceist.

### **Faigh luachana gairmiúla go luath**

Déan teagmháil le saineolaithe cáilithe go luath chun go mbíonn costais, modheolaíochtaí, agus amlínte réalaíocha i d’iarratas.

### **Tabhair an tairbhe don phobal chun solais**

Mínigh conas a rachaidh do thionscadal chun tairbhe do ghrúpa, an phobail áitiúil, nó an phobail i gcoitinne — fiú má tá an obair teicniúil.

### **Úsáid caighdeán aitheanta**

Féach na creataí dea-chleachtais bainteacha (e.g., Burra Charter, treoirlínte an NBDC, caighdeán chaomhnaithe nó dhigitithe) le cur chuige feasach freagrach a thaispeáint.

### **Bíodh rudaí praiticiúil**

Dírigh ar an méid a chumasóidh an tionscadal: rioscaí a thuiscint, tabhairt faoi oibreacha caomhnaithe, feabhas a chur ar stóráil, oiliúint a sholáthar, acmhainní digiteacha a chruthú, nó saintrealamh a úsáid ar mhaithe le cúram agus monatóireacht níos fearr.

Cinntigh go bhfuil na ceadanna cearta agat

Maidir le hoibreacha a dhéanann difear do shócmhainní oidhreachta, suíomhanna bithéagsúlachta, speicis chosanta, foirgnimh stairiúla, nó bailiúcháin thábhachtacha, cinntigh go bhfuil na ceadanna, an toiliú, nó na ceadúnais riachtanacha i bhfeidhm — nó go bhfuil pleanáil shoiléir á déanamh dóibh.

### **Beartaigh tionscadal réalaíoch don achar ama (Bealtaine-Samhain 2026)**

Roghnaigh obair is féidir a sholáthar laistigh den tréimhse ghearr seo. Taispeáin go bhfuil speisialtóirí nó conraitheoirí ar fáil agus go bhfuil d'amlíne praiticiúil agus inbhainte.

### **Déan teagmháil le d'údarás áitiúil**

Is féidir leis an Oifigeach Oidhreachta nó an tOifigeach Bithéagsúlachta i d'Údarás Áitiúil comhairle luachmhar a thabhairt maidir le do thionscadal a scóipeáil, riachtanais a aithint, ceadanna a thuiscint, agus dea-chleachtas a chinntiú. Is féidir le teagmháil a dhéanamh leo go luath d'iarratas a neartú agus a dhéanamh níos éifeachtaí.

## ■ **Stocaireacht**

Má dhéanann tú stocaireacht, is é sin, iarraidh ar bhaill na Comhairle Oidhreachta, TDanna, Seanadóirí, nó Comhairleoirí Cathrach/Contae tionchar a imirt ar chinneadh nó é a achomharc thar do cheann, dícháileofar d'iarratas go huathoibríoch.

Tabhair faoi deara go bhfuil gach iarratas **faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise**.

## ■ **An dteastaíonn cabhair uait?**

- Féach an t-eolas breise ar [conas a focaimid deontais](#) agus na rialacha ginearálta do mhaoiniú deontais ón gComhairle Oidhreachta
- Déan teagmháil linn ag: [grants@heritagecouncil.ie](mailto:grants@heritagecouncil.ie)
- Chun cabhair bhreise a fháil agus d'iarratas á ullmhú agat, ba cheart duit súil a chaitheamh ar **Aguisín 1 (treoir ghearr maidir leis an bhfoirm iarratais)**, **Aguisín 1B (freagraí samplacha mionsonraithe)**, agus **Aguisín 2 (treoir maidir le litreacha tacaíochta)**.



Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264  
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

**Guthán:** +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

**[www.heritagecouncil.ie](http://www.heritagecouncil.ie)**



**An Chomhairle Oidhreachta**  
**The Heritage Council**